

An Clár Forbartha Teanga Píolótach, Forás

- Mar thoradh ar phróiseas iarratais ar pháirt a ghlacadh sa chlár forbartha teanga, *Forás* faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, roghnaíodh dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta bunaithe ar chritéir shonraithe chun páirt a ghlacadh sa chlár *Forás*. Is iad an dá iar-bhunscoil sa Ghaeltacht a roghnaíodh don chlár píolótach seo ná Pobalscoil Gaoth Dobhair (91409A) i nGaeltacht Dhún na nGall agus Meánscoil San Nioclás (76066J) i nGaeltacht na nDéise.

Cuspóir an Chláir:

- Is é mórchuspóir an chláir phíolótaigh **Forás** ná tacú, ar bhonn idirthréimhseach, le scoláirí na sraithe sóisearaí (Bliain 1; Bliain 2, Bliain 3) a bhfuil lag-inniúlacht sa Ghaeilge acu, ag tosú le scoláirí na chéad bhliana, lena gcumas Gaeilge a fheabhsú agus a bheith in ann dul i ngleic go fóinteach leis an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil
- Cuirfear leithdháileadh múinteoir Gaeilge sa bhreis ar an ngnáth leithdháileadh múinteoirí ar fáil don dá scoil
- Is den riachtanas é go mbeadh tráthchlár an mhúinteora Forás nó aon mhúinteoir eile atá bainteach le clár Forás nó leis na huaireanta tacaíochta teanga mar chuid de thráthchlár iomlán na scoile agus go mbeadh na tréimhsí múinteoireachta/ tacaíochta le feiceáil go soiléir ar an bpríomhthráthchlár scoile.

Céad chéimeanna in obair an Chláir:

- Iniúchadh a dhéanamh ar láidreachtaí agus deacrachtaí na scoláirí go léir sa tsraith shóisearach d'fhonn grúpa(i) scoláirí a bhfuil lag-inniúlacht sa Ghaeilge acu a aithint
- Naisc a chruthú leis na bunscoileanna friothálacha ina mbeidh iar-dhaltaí dá gcuid ag freastal ar ranganna sa tsraith shóisearach agus soiléiriú a fháil maidir le hainmneacha agus próifíleacha teanga na scoláirí ó na bunscoileanna friothálacha
- Na spriocanna feabhsúcháin teanga a shainaithint agus iad a bheith inbhainte agus intomhaiste (.i. bonn eolaíoch a bheith ann le sonraí)
- Na gníomhartha a bheidh le cur i bhfeidhm mar thaca leis na spriocanna sin a bhaint amach a chlárú i ndoiciméad ar leith
- Próiseas athbhreithnithe rialta a leagadh amach mar chuid dhílis d'fheidhmiú an chláir phíolótaigh
- Fráma ama a dhearadh do riachtanais foghlama teanga do lucht na sraithe sóisearaí ina bhfuil líon áirithe sainspriocanna le baint amach
- Na modhanna measúnaithe a bheidh in úsáid ag na múinteoirí éagsúla a aithint chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt scileanna teanga na scoláirí i réimsí teanga éagsúla agus ar thionchar an chláir Forás ag tréimhsí aitheanta sa bhliain
- Straitéisí a aontú chun béim a leagan ar chruinneas Gaeilge na scoláirí sa chaint agus sa scríbhneoireacht ar bhealach taitneamhach spreagúil mar chuid d'fhócas na scoile ar fhorbairt litearthacht na Gaeilge
- Straitéisí a aontú chun úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun tacú le riachtanais teanga na scoláirí

- Fócas faoi leith a chur ar na tacaíochtaí teanga a bheidh le cur ar fáil do scoláirí na chéad bliana a bhfuil lag-inniúlacht sa teanga acu agus a chur ar chumas na scoláirí seo an teanga a shealbhú
- Eolas a thabhairt do na scoláirí faoi struchtúr teangacha agus conas a fhoghlaimítear teanga chun cabhrú leo a gcuid riachtanais agus a ndul chun cinn sa teanga a thuiscint
- Cód iompar a aontú ina bhfuil tagairt ar leith do cheist na Gaeilge sa seomra ranga agus lasmuigh de
- Eolas a thabhairt do na scoláirí faoin scéim aitheantais agus a ról i mbaint amach aitheantas don scoil mar scoil Ghaeltachta ionas go mbeadh úinéireacht agus rannpháirtíocht acu sa phróiseas ar fad.

Gníomhartha samplacha chun tacú leis an gclár Forás sa seomra ranga:

- Inseirbhís a chur ar fáil don fhoireann ar shealbhú na Gaeilge trasna an churaclaim – prionsabail FCÁT (CLIL)
- Eolas a chinntiú i measc na foirne faoin gclár Forás agus faoin Scéim ionas go mbeidh cur chuige uile-scoile i gceist maidir leis na gníomhartha éagsúla agus comhthuiscint idir na múinteoirí faoin bplean gníomhaíochta
- Scéim leitheoireachta bheirte idir scoláirí na céadbhliana agus scoláirí sinsearach
- Comhthuiscint agus comhoibriú a bhunú leis an gcúntóir teanga
- Eolas a roinnt leis na scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil na scoláirí go háirithe ag deireadh na bliana tráth a mbeidh sé tábhachtach agus tairbheach breathnú siar ar thionchar agus éifeacht an chlár Forás ar shleabhú na teanga.

Gníomhartha samplacha ar féidir úsáid a bhaint astu chun tacú leis an obair ar bhealaí praiticiúla:

- dialanna teanga do dháltaí rang a sé sa bhunscoil
- réamhchúrsa Gaeilge sa mheánscoil do scoláirí bliain 1
- gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim trí Ghaeilge
- gníomhaíochtaí cultúrtha trí mheán na Gaeilge
- clubanna Gaeilge nó clubanna spóirt nó ranganna iar-scoile trí mheán na Gaeilge
- meántóirí Gaeilge ón Idirbhliain do scoláirí na céadbhliana/bileoga eolais/ teanga do tuismitheoirí
- ionchur, moltaí agus tacaíocht Chomhairle na Scoláirí a fháil chun tacú leis an Scéim Aitheantas ina hiomláine
- suirbhéanna ar mhúinteoirí/ tuismitheoirí /scoláirí faoi dhul chun cinn mar chuid lárnach den phróiseas athbhreithnithe
- bealaí a aimsiú chun aitheantas a thabhairt do scoláirí a dhéanann sáriarrachtaí sa Ghaeilge – mar shampla: dearbháin, pasanna obair bhaile, laethanta físeáin, turais, cártaí poist nó litreacha ag déanamh comhghairdis le scoláirí as éachtanna oibre a dhéanamh, as an nGaeilge a labhairt lasmuigh den seomra ranga/ar thuras scoile.

Tacaí breise:

- Beidh cuairteanna comhairleacha á ndéanamh ag cigirí an Aonaid chun tacaíocht a thabhairt do na scoileanna atá ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Inseirbhís á cur ar fáil ag foireann COGG chun tacú le scoileanna ar a dturas maidir le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach
- Deontas bliantúil de €1,200 chun acmhainní teagaisc a cheannach chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge
- *Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2018)*
- *Ag Breathnú ar an Scoil Againne: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna (2016)*
- *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (2017)*
- *Nóta Treorach do Scoileanna (2018/19)* eisithe ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta ar na Cuirteanna Comhairleacha agus ar úsáid na n-uaireanta breise páirtaimseartha do thacaíocht na Gaeilge.